

AN CAIPTÍN CORAÍN

Nóta

Sgríobh mé an tamharán chomh gar don fhuaim abhí ag Micilín agus d'fhéad mé ach ba cheart duitse (S Mc G) é léigheadh do Mhicilín aríst agus é cheartughadh má tá aon rud as bealach ann.

'Sa Pheadair ba mhaith do gealla dhom go dtiúbhrrfhá mé thrí Éirinn
Mar bhí tú tfhear maith farrige 's Chuartaigh tú 's gach réigiúin
Ní raibh an Chara Bheag sa mapa agat b'olc do navigation
agus reaicéaleadh ar na raisers(rashers) thú
d'ar liom ba mhór an sgéul é

Curfá

Agus ólfaidh muid a crúiscín agus dheamhan deóir ann.
Dhul aniar thrí Pholl na Sean Tuine d'eirigh stoirm is túnnta (tonnta)
Tháinig ceo 'gus mearbhall orm is rith mé as cionn Cumpáis
Wearáil mé 'na farraigí í gur chuir mé ar luighe to í
'S ná spáráil ar a' gcarraig í tá'n soitheach faoi insurance

Curfá

Agus ólfaidh muid a crúiscín agus bíodh sí lann

Tá píosa eicint fágtha amuigh anseo deir Micilín fhéin gur eicint faoi "cur challenge ar a námhaid" an líne nach bhfuil istigh

'S iomadh cuan is calath chuir a Caiptín úd i bhfáinne
Innis innis Scillinne sin agus Dún Sandle
Nuair abhí gach dochar caithte aige sí'n Chara Bheag a sharuighe é
Agus ólfaidh muid a crúiscín agus Bí't sé lán
Bheirim-se mo mhalacht dhuit a Mháirtín'ac Con Fhola
'S olc a fear i gcrannóig thú do sheasamh suas do strúinte
Bhí an Caiptín Coraín beatráilte 's é craithte th'éis na hoidhche
'gur chuala mé dhul tharam é nach raibh an t-uinéara ró bhuidheach díom

Curfá

Agus ólfaidh muid a crúiscín agus bí't sé lan

(labhair fear eile ansoin)

Ná biodh milleán ar a gCaiptín agaibh (adeir sé) siúd é an fággh nach dtáinig
Ní raibh muinighean as na fir aige dhá méaduigheadh pu dhen ghála
Crios de thoga a tsaitín abhí casta faoi n-a lár aige
'S gur bé Sruth Loch na Lanach a thug Peadar bocht le fánaidh
Agus ólfaidh muid a crúiscín agus bí't sé lán

(labhair an fear eile aríst)

'S fada mé le fairrige 's ní bhfuair mé fear mo cháinnte
'líonfhadh malach feamaine ná ar cheann a mhaide rámha
dubhairt tú nach raibh raith orm dhá nárdúigheadh pu dhen ghála
's chuala mé do cheareaictar ní mór go bhfuilim sasta
Agus ólfaidh muid a crúidcín agus bí't sé lán

(Gach le ceathramhadh ag chaon duine den bheirt uaidh seo síos)

'S nach orm sa bhí an mearbhall nuair a mhasluigh mé mo bhráthair
dhá mbeinn se shíos i nGaillimh go dtóighfheadh sé mo pháirt ann
ba umhall uaidh bheith 'na sheasamh deanamh graithe ar shon a lán fear
'gus ó bhí cúl mo theanga liom tá súil a'm go bhfhaigheadh párdún
Agus ólfaidh muid an crúiscín agus bí't sé lán

'S ní chreidfídh mise ó'n sagart ón easpog ná ó'n bápa
go ndéarfá tada as bealach liom ní duine thú bhí ráidhtheach
's ó bhí cúl do theanga leat ní bhearfaidh mé greim gearr ort
'S a Séamuis ná biodh faitchios ort nach dtóigfidh mé do pháirt suas
agus ólfaidh muid a crúiscín agus rl

'S a Pheadair 's breagh do Charolion 's do píl mór fada bear skin
do bheist dhe togha an cheasamar 's do phantaloón dhá réir sin
do chána buidhe ceann airgid 's do watch is breaghtha in Éirinn
'S do bhuataisí dubh daithe 's nach é an Cauptín atá gléasta

Curfá

Ó'gur fada siar na hIndhiacha 's bhí an Cauptín úd trí mhí ann
Ní ór abhí teastáil uaidh mar b'fhairsing é 'na thimpeall
Spúnogaí breagh airgid a cheannaigh sé go Daor ann
'S nior fhéad sé'dtabhairt abhaile nú gur sgaip sé ar a ghaolta iad

Curfá

'S gifte thug a Cauptín dhom's é théis a theacht thar sáile
deir daoine gur fiú leith ghine é dhe gréithí breagh na Frainnce
nach iomadh ór is airgead a scaip sé ar nithe fánach
'S dheamhan bean dheas sa mbarúntacht nach gcaithfidh theacht 'na láthair

Cufá

'S Pheadair bhán Uí Choráin go deimhin tá mé buidheach dhíot
agus molaim is i bpobal thú sheachas bhfuil mo thimpeall
Ní bréag nach breagh í tobair dheas mar 's iomadh ór na thimpeall
Agus nuair a churaim ar mo hata í bíonn mná deasa go na chóimhdeacht

Curfá

'S shiubhail mé Éire is Albain Cluain Meala 's Toin na Móna
thart thrí sliabh Patraí 's as sin go Creig a Róiste
an obair dheas bhí ag Peadar Bán ní fhaca mise 'mo éolus

ag caidhnéaroi ná ag cameraman ná ag fear deasuighthe na gcóistí
agus ólfaidh muid a crúiscín agus níl deóir ann

(Críoch)

Tomás 'ac Confaola abhí ina chomhnuidhe shuas i nGleanán a rinne an tamharán seo. Bhí fataí ceannuighthe i Bfíodh Innse aige. Fuair sé bád ó fhear i Roisín na mBan lach a raibh Micil Ó Caolaigh air le haghaidh na fataí a thabhairt amach. Thug sé leis ansoin Máirtín 'ac Confhaola agus Peadar Ó Coraín isteach an aonfheacht leis ag iarraidh na bhfataí. Nuair abhí said a teacht aníos san áit a raibh siad le haghaidh na fataí a chur amach bhí loch sáile ann agus bhí sruth mór a teacht aníos thríd a loch. Loch na Lanach atá ar an loch seo. Tá mulán i lár na locha agus ní raibh mórán eoluis ar an loch acab. Tháinig an bád ar an mulán leis a sruth agus cuireadh poll uirthi. Bhí na fataí fliuch ach bhí siad i ndon a theacht i dtír. Rinne Tomás 'ac Confhola an tamharán ansoin. Ní raibh suim a bith ins na fataí bheith fliuch aige ach "nach mbeadh an túinéara ro bhuidheach de" sé sin úinéara an bháid.

Bhí Séamus Sheáinín a maoirseacht i Spike agus a mhac Máirtín agus a ingean Máire tháinig Máirtín amach ag obair go Cárna bhí sé a fanacht tigh Mháirtín Ó Loideáin. Bhí sé baint ghainimh i dTulach Chárna thuit píosa dhen úimín air agus marbhuigheadh é. Bhíodh an dreabhatar Máire a dhul isteach is amach go Spike go minic ina dhiadh sin. Bhíodh Bhal Ó Niadh as Fíodh Innis agus Breathnach col ceathar do Bhal a dul isteach is amach le Máire. Tháinig oidhche gharbh orrthab uair agus cuireadh ar ais iad ar Fíodh Innis. Rinne Máire amharán ansoin. Sé'n fhuaim atá leis an amharán an fhuaim chéadhna atá leis an amharán "An Caipitín Coraín." (Tá an tamharán ar gcuid eile den leathanach seo.)

Bhí mise agus a Breathnach agus Bairthlméid as Fíodh'nis
A dul ar oileán farrige le tuitim dhubh na hoidhche
Tháinig múr mór sneachta orainn agus casadh abhaile aríst muid.
Nuair a tháinig muid isteach ann ní raibh áit ainn ar na bíní
D'eirigh mé mo sheasamh agus sheasamh agus sheas mé leis a gcúlaithe
Séurd dubhairt sé fág a bealach nú go dteigh mé siar dhon tseomra
Marach ómás bheith do Pheige agam d'inthigheóchainn as san oidhche
Ní fada ó bhaile rachfhainn ach tigh Stiophán 'ac Con Riogh soir
Tá mo mhuintir uilig i bhfeirg liom as seo Go dtí Ceannn Gólaime
Mar gheall ar mhaidí farraige agus Fheamainn Innis Mhúsgaraí
'S dhá mbeadh gan aon teach a bainfeadh liom
ach tigh Sheán Uí Niadh ar a Túrlach
gheobhfainn 'rán is fataí ann is aifreann chuile Dhomhnach
'S dhá mbáití ar a leachta muid ghabhfhadh a nathair bocht dhá dtóruigheacht
'S ólfaidh muid a crúiscín is bít sé lán